

## Ráiteas Cumarsáide

<b>Tionscadal:</b>	Móroibreacha: Scoil an Droichid, 4 Cooke Street, Béal Feirste BT7 2EP	<b>Leagan:</b>	01
<b>Uimhir an Tionscadail:</b>	MA17-10106295	<b>Dáta:</b>	19.06.24

### Ráiteas Cumarsáide

Mar is eol duit, bhí Scoil an Droichid ar na 15 scoil a bhí fógartha ag an Aire Oideachais, Paul Givan, ar an 28 Bealtaine 2024, le cistiú caipitil a fháil sa bhliain airgeadais seo 2024-25.

Mar gheall air seo, tá muid ábalta leanstan ar aghaidh lenár ndearadh/bpleanáil ar an fhoirgneamh nua do Scoil an Droichid, a bheas tógtha ar sheansuíomh an Ulidia Resource Centre ar an Chrospharáid, Bóthar Ormeau, Béal Feirste.

Tá an beart ar an Cheistneoir Réamhcháiliúcháin (PQQ) tosaithe arís agus tá Foireann Chomhtháite na Sainchomhairleoirí (Amey FMP) fá láthair ag ullmhú fá choinne Chéim an Iarratais ar Thairiscintí (ITT), nuair a cheapfar an Fhoireann Foirgníochta le toiseacht ar an tsuíomh.

Tá muid ag dúil go gceapfar an Fhoireann Foirgníochta agus go gcuirfear tús leis an obair ar an tsuíomh go luath an bhliain seo chugainn.

Beidh an Bord Tionscadail ar an scéim, ar a bhfuil ionadaithe ón scoil, ó Chomhairle na Gaelscolaíochta, ón Údarás Oideachais agus ón Roinn Oideachais, ag leanstan ar aghaidh le nuashonraí a chur ar fáil de réir mar a théann an scéim chun cinn.